# Márta I

Cad a déarfá leis na scrollaí paipíre seo a thug Daid dom aréir? As seo amach tá sé i gceist agam gach rud a tharlaíonn dom a bhreacadh síos iontu. Ansin nuair a bheidh cáil orm mar laoch calma de chuid na hImpireachta, beidh eolas freisin ar mo chuid macghníomhartha ar fad.




Manchán Maximus
Laoch Mór de chuid na Róimhe



DorkiusMaximus_Spreads_Gaeilge Aifric.indd 9 7/19/2019 3:28:00 PM

Nílim ró-oilte ar an ngaiscíocht go fóill, áfach. An uair dheireanach a chuir mé cathéide mo dhearthár, Arrachtas, orm, thit mé i ndiaidh mo chúil. A leithéid de NÁIRE! Conas a scanróidh mé an t-anam as mo naimhde mura féidir liom fód an chatha a sheasamh gan titim i ndiaidh mo chúil?





Ach táim cinnte go bhfuil an laochas sa dúchas agam. Is polaiteoir anois é, ach bhí seisean san



DorkiusMaximus_Spreads_Gaeilge Aifric.indd 10 7/19/2019 3:28:01 PM

arm agus é ní b'óige. Agus níl ach cúpla bliain ag Arrachtas ormsa agus tá sé ina ghinearál cheana féin. Sea, beidh mé i mo laoch mór lá éigin! Tá súil le hIúpatar agam nach fada uaim an lá sin, áfach ...






DorkiusMaximus_Spreads_Gaeilge Aifric.indd 11 7/19/2019 3:28:01 PM